## An polaiteoir thú?

Féadfaidh tú do thacaíocht don togra LSÓC a fhógairt trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh de d'oifig toghlaigh nó oifig do pháirtí, greamán LSÓC a chur ar d'áitreabh, agus do chuid fostaithe / comhoibrithe / saorálaithe agus toghthóirí a chur ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil tú ag tacú leis an togra LSÓC.

## An eagraí féile, ceoltóir/ealaíontóir nó ball de chomharghrúpa thú?

Más eagraí féile thú, féadfaidh tú tacaíocht d'fhéile don togra LSÓC a fhógairt trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Is é a bheadh i gceist leis sin diúltú d'aon mhaoiniú ó stát Iosrael, ar mian leis snas an chultúir a chur ar a réimeas cinedheighilte, agus ó aon ghnólachtaí comhpháirteacha, a úsáideann an cultúr go minic chun a rannpháirteachas i sáruithe ar chearta an duine a cheilt. I gcás ceoltóirí agus ealaíontóirí eile, féadfaidh tú d'ainm a chur le **Gealltanas Ealaíontóirí na hÉireann Baghcat a dhéanamh ar Iosrael**, ar shínigh os cionn 2,000 ealaíontóir go dtí seo é (www.ipsc.ie/pledge).

## Ní ceann ar bith díobh sin thuas thú? Féadfaidh tú cuidiú go fóill!

Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh de do theach féin agus gealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Cuir greamán ar d'fhuinneog, do bhosca litreach nó do charr. Labhair le daoine sa phobal faoi na LSÓC. Labhair le duine ar bith ar d'aithne a bhfuil gnó/ionad/spás faoina gcúram, nó a bhfuil baint acu le hobair pholaitiúil nó ENR, nó ar pholaiteoir, ealaíontóir, eagraí iad, etc. Féadfaidh tú an rogha a dhéanamh tacú le gnólachtaí agus ionaid a sheasann le prionsabail na LSÓC.

## Pobail in aghaidh cos ar bolg agus ciníochais a chruthú

Murab ionann agus córas bolscaireachta Iosrael, níl airgead as cuimse le caitheamh againn, mar sin is trí thacaíocht agus rannpháirtíocht phoiblí amháin a thiocfaidh fás ar an bhfeachtas LSÓC. **Cuireann na LSÓC ar chumas gach uile dhuine a bheith páirteach i ngluaiseacht fhrithchiníoch ar son an cheartais sa Phalaistín!**

**Tá súil againn go dtiocfaidh fás ar an togra LSÓC in Éirinn (agus thar sáile), go mbunófar pobail agus spásanna saor ón gcos ar bolg, agus go nascfar na pobail sin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta,** rud a léireoidh do mhuintir na Palaistíne nach bhfuil siad ina n-aonar agus iad ag troid go cróga ar son na saoirse, an cheartais agus an chomhionannais.

Míle buíochas as do thacaíocht!

CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL NÓ CHUN LSÓC A BHUNÚ, DÉAN TEAGMHÁIL LINN AG: afz@apartheidfree.ie no 00353 (0)1 8727798
Féach ár suíomh gréasáin ag www.apartheidfree.ie

Togra comhpháirteach is ea feachtas na Limistéar Saor Ó Chinedheighilt, arna eagrú ag Feachtas Comhbhá na hÉireann leis an bPalaistín, Trade Union Friends of Palestine, Academics for Palestine, Jewish Voice for a Just Peace – Ireland, Students for Justice in Palestine, Comhlámh Justice for Palestine, Gaza Action Ireland, Kairos Ireland, le tacaíocht ó ghluaiseacht Baghcat, Dífheistiú, Smachtbhannaí (BDS) na Palaistíne.




**Togra spreagúil domhanda nua iad Limistéir Saor Ó Chinedheighilt lena mbunaítear spásanna dlúthpháirtíochta inár bpobail áitiúla chun tacú le troid na Palaistíne ar son na saoirse, an cheartais agus an chomhionannais.**

# FÉADAIMID ÉIRE ATÁ SAOR Ó CHINEDHEIGHILT A BHUNÚ

**Togra spreagúil domhanda nua iad Limistéir Saor Ó Chinedheighilt (LSÓC) lena mbunaítear spásanna dlúthpháirtíochta inár bpobail áitiúla chun tacú le troid na Palaistíne ar son na saoirse, an cheartais agus an chomhionannais.**

Ach tacú leis an **bhfeachtas domhanda 'Baghchat, Dífheistiú, Smachtbhannaí' (BDS)**, arb é is aidhm dó cuidiú leis an troid ar son shaoirse na Palaistíne, agus fógairt go poiblí gur Limistéir Saor Ó Chinedheighilt iad, féadfaidh siopaí, bialanna, gnólachtaí, eagraíochtaí pobail, ceardchumainn agus grúpaí eile, agus comhairlí áitiúla, fiú, teachtaireacht thábhachtach a thabhairt.

**Togra pobail ón mbun aníos iad na LSÓC, agus is é an sprioc dheiridh Limistéar Saor Ó Chinedheighilt a dhéanamh d'Éirinn ina hiomláine.**

Ar fud an domhain, tá sé á fhógairt ag **caiféanna, siopaí, ionaid phobail, institiúidí cultúir agus spásanna dá leithéid gur Limistéir Saor Ó Chinedheighilt iad**. Tá sé a ghealladh acu go dtacóidh siad leis an mbaghcat ar Iosrael os comhair an tsaoil.

De réir mar a fhógraíonn tuilleadh gnólachtaí agus eagraíochtaí i gcathair, baile, sráidbhaile nó pobal gur Limistéir Saor Ó Chinedheighilt iad, **cothófar meon láidir dlúthpháirtíochta sa phobal sin**.

Más mian le gnólacht nó eagraíocht a bheith **ina Limistéar Saor Ó Chinedheighilt, ní mór di a ghealladh go dtacóidh sí le prionsabail ghluaiseacht BDS, go ndéanfaidh sí baghcat ar tháirgí agus institiúidí Iosraelacha agus ar ghnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine**, agus go bhfógróidh sí go poiblí gur Limistéar Saor Ó Chinedheighilt í.

Cuireann Limistéir Saor Ó Chinedheighilt ar chumas eagraíochtaí den uile shórt – **idir ghrúpaí pobail agus ghnólachtaí agus chomhairlí áitiúla** – a léiriú go seasann siad le muintir na Palaistíne sa troid ar son a gceart bunúsach, agus spreagann siad daoine aonair leis an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn i measc eagraíochtaí ina bpobail féin.

**In Éirinn, tá os cionn 100 gnólacht, ionad agus grúpa tar éis a fhógairt gur Limistéir Saor Ó Chinedheighilt iad, agus tá an líon sin ag dul i méid i gcónaí.** Vótáil seacht gcomhairle áitiúla, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina measc, agus ocht n-aontas mac léinn ar son tacú le BDS. **Iarraimid ort seasamh le muintir na Palaistíne ina dtroid ar son na saoirse, an cheartais agus an chomhionannais agus do thacaíocht do BDS a dhearbhú.**



Níos mó eolais & cláraigh anseo:
**www.apartheidfree.ie**

## An úinéir gnó thú?

Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh de do ghnó trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Féadfaidh tú do thacaíocht a léiriú trí ghreamán LSÓC a chur ar d'áitreabh agus do chuid fostaithe agus custaiméirí a chur ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil tú ag tacú leis an togra LSÓC.

## An úinéir ionaid cultúir thú nó an bhfuil baint agat le comhspás?

Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh den spás sin trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Féadfaidh tú do thacaíocht a léiriú trí ghreamán LSÓC a chur ar d'áitreabh agus do chuid fostaithe, pátrún nó ball comharchumainn a chur ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil tú ag tacú leis an togra LSÓC.

## An bhfuil tú páirteach i ngrúpa pobail nó spóirt?

Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh de do ghrúpa trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine.

## An bhfuil tú páirteach in eagraíocht pholaitiúil, ceardchumann, grúpa mac léinn nó ENR?

Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh de d'eagraíocht, do chumann nó do ghrúpa trí ghealltanas a thabhairt seasamh le prionsabail ghluaiseacht BDS agus baghcat a dhéanamh ar earraí agus institiúidí Iosraelacha chomh maith le gnólachtaí idirnáisiúnta a dhéanann brabús as sáruithe Iosrael ar chearta an duine. Féadfaidh ceardchumainn, brainsí agus comhdhálacha ceardchumann a fhógairt gur LSÓC iad nó rún a mholadh chun LSÓC a dhéanamh díobh. Féadfaidh grúpaí mac léinn oibriú chun LSÓC a dhéanamh d'aontais agus cumainn mac léinn. Féadfaidh tú LSÓC a dhéanamh d'oifig nó spás do ghrúpa, greamán LSÓC a chur ar d'áitreabh, agus do chuid fostaithe/ball comharchumainn/comhoibrithe/saorálaithe agus maoinitheoirí a chur ar an eolas faoin bhfáth a bhfuil tú ag tacú leis an togra LSÓC.